

Gairm ar Pháipéir
Comhdháil Bhliantúil Chumann Ceanadach an Léinn Éireannaigh
Ollscoil Saskatchewan – a bheidh ar siúl ar líne
22–24 Meitheamh 2021

Beidh Comhdháil Bhliantúil Chumann Ceanadach an Léinn Éireannaigh ar siúl idir 22-24 Meitheamh 2021. Is é Jerry White in Ollscoil Saskatchewan atá á heagrú, ach réachtálfar go hiomlán ar líne í, trí mheán *MS Teams*. Beidh Sonja Tiernan, Cathaoirleach Eamon Cleary an Léinn Éireannaigh de chuid Ollscoil Otago (an Nua-Shéalainn) i láthair mar phríomh-chainteoir.

Beartaíodh ábhar chomh leathan agus ab fhéidir a roghnú, sa tsúil go mbeadh réimse fairsing dearthaí ann ag teacht ó go leor áiteanna éagsúla. Tuigtear dúinn nach mbaineann coinníollacha foirfe le comhdháil a bheith ar siúl ar líne; áireoidimid uainn na sosanna caife! D’ainneoin cé chomh neamhghnách agus atá an cás, ligeann an fhoirmáid dhigiteach dúinn teacht le chéile, pé áit a bhfuilimid ar domhan. Tá sé mar aidhm againn leas a bhaint as seo.

Leis sin, cuirfear fáilte roimh pháipéir ar na hábhair seo a leanas:

- Na tionchair idirnáisiúnta ar Chultúr na hÉireann
- Diaspóra na hÉireann, go háirithe in áiteanna nach labhraítear an Béarla (An Airgintín, Québec, srl.)
- Coláistí Éireannacha na Fraince, na Polainne, na Beilge, na hIodáile, agus i dtíortha eile
- Inimirce go hÉirinn
- An ilchultúrthacht agus na hÉireannaigh, thall agus abhus
- Teanga na Gaeilge i gcomparáid le: Mionteangacha na hEorpa, Teangacha bundúchasacha, srl.
- Stair imirce na hÉireann, chomh maith le haistriú inmheánach agus é sin i gcomparáid leis an aistriú inmheánach i dtíortha eile

Níl sa liosta seo ach moltaí an-ghinearálta. Beidh fáilte roimh pháipéir i réimsí eile. Táimid sa tóir ar réimse scóipiúil páipéir ó ghoirt éagsúla a théann thar chuimse náisiúnta le tuiscint níos beachte ar shaol na hÉireann a sholáthar.

Ós rud é gurb í Féile Náisiúnta Québec lá deireanach na comhdhála, cuirfear fáilte speisialta roimh pháipéir a dhéanann nasc idir Éirinn agus Québec.

Ba chóir go mairfeadh na páipéir uilig 20 nóiméad. Is é Dé Luain, 15 Feabhra 2021 an spriocdháta do thairiscintí ar pháipéir. Cuir achoimre 250 focal (ar a mhéad) chomh maith le beathaisnéis ghearr chuig CCELE.2021@USask.Ca más é do thoil é.